Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Samhain 2026
(OR. en)

15316/26
ADD 2

Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0344 (NLE)

COPEN 415
JUSTCIV 133
FREMP 343
JAI 1377

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	5 Samhain 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 597 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gairm an Dlíodóra a Chosaint, i ndáil le hábhair nach mbaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 597 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 597 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.11.2026
COM(2026) 597 final

ANNEX 2

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Gairm an Dlíodóra a Chosaint, i ndáil le hábhair nach mbaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus choiriúla

IARSCRÍBHINN 2

COINBHINSIÚN CHOMHAIRLE NA HEORPA CHUN GAIRM AN DLÍODÓRA A CHOSAINT (CETS UIMH. 226) (LUCSAMBURG, 13.V.2025)

Sraith Chonarthaí de chuid Chomhairle na hEorpa - Uimh. 226

Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Gairm an Dlíodóra a Chosaint

Lucsamburg, 13.V.2025

Brollach

Tá Ballstáit Chomhairle na hEorpa agus na sínitheoirí eile a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo,

Ós rud é gurb í aidhm Chomhairle na hEorpa aontacht níos mó a bhaint amach i measc a cuid comhaltaí;

Ag meabhrú dóibh an Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint (ETS Uimh. 5, 1950) agus na Prótacail a ghabhann leis agus cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine;

Ag cur san áireamh na Bunphrionsabail maidir le Ról na nDlíodóirí, arna nglacadh ag Ochtú Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Coireacht a Chosc agus Cóireáil Ciontóirí (Havana, Cúba, an 27 Lúnasa-7 Meán Fómhair 1990);

Ag cur san áireamh Moladh Rec(2000)21 ón gCoiste Airí chuig na Ballstáit maidir le saoirse chun gairm an dlíodóra a chleachtadh;

Ag cur san áireamh Rún 44/9 maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na mbreithiúna, na ngiúróirí agus na measúnóirí, agus neamhspleáchas na ndlíodóirí, a ghlac Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine an 16 Iúil 2020;

Agus béim á leagan aici ar an ról bunúsach atá ag dlíodóirí agus ag a gcomhlachais ghairmiúla maidir leis an smacht reachta a chaomhnú, rochtain ar an gceartas a áirithiú agus cosaint chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a áirithiú;

Ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis mhór imní di, go bhfuil dlíodóirí á n-ionsaí, á mbagairt, á gciapadh agus á n-imeaglú níos mó agus níos mó mar gheall ar a ngníomhaíochtaí gairmiúla chomh maith le bac nó cur isteach míchuí agus a ngníomhaíochtaí gairmiúla dlisteanacha á ndéanamh acu;

Ag cáineadh na n-ionsaithe, na mbagairtí, an chiaptha agus an imeaglaithe sin go léir mar aon le bac míchuí nó cur isteach míchuí;

Ag cur san áireamh na bealaí éagsúla ina bhféadfar gairm an dlíodóra a eagrú i mBallstáit Chomhairle na hEorpa agus sna sínitheoirí eile a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo;

Ag cur san áireamh an gá atá leis an gcreat dlíthiúil idirnáisiúnta a neartú chun an tsaoirse chun gairm an dlíodóra a chleachtadh a áirithiú,

Tar éis an méid seo a leanas a chomhaontú:

Caibidil I - Cuspóir, raon feidhme agus úsáid na dtéarmaí

Airteagal 1 – Cuspóirí an Choinbhinsiúin

(1) Is é is cuspóir don Choinbhinsiún seo cosaint ghairm an dlíodóra agus an ceart chun an ghairm sin a chleachtadh go neamhspleách agus gan idirdhealú, bac nó cur isteach míchuí, nó gan a bheith faoi réir ionsaithe, bagairtí, ciaptha nó imeaglaithe a neartú.

(2) Bunaítear leis an gCoinbhinsiún seo sásra sonrach chun a áirithiú go gcuirfidh na Páirtithe a fhorálacha chun feidhme go héifeachtach.

Airteagal 2 – Raon Feidhme

(1) Tá feidhm ag an gCoinbhinsiún seo maidir le gníomhaíochtaí gairmiúla dlíodóirí agus a gcomhlachas gairmiúil.

(2) Tá na forálacha in Airteagail 5 go 9 den Choinbhinsiún seo infheidhme, a mhéid is ábhartha dá gcás sonrach, maidir leis na dlíodóirí sin a sholáthraíonn, faoina dteideal baile, comhairle dlí, cúnamh nó ionadaíocht i bPáirtí agus:

(a) atá faoi raon feidhme dearbhaithe arna dhéanamh ag Páirtí eile faoi Airteagal 20(1) den Choinbhinsiún seo; nó

(b) a dhéanann amhlaidh de bhun dhlí an Pháirtí sin, dhlí an Aontais Eorpaigh nó comhaontuithe idirnáisiúnta.

(3) Tá na forálacha in Airteagail 6 (cearta gairmiúla dlíodóirí), 7 (saoirse chun tuairimí a nochtadh) agus 9 (bearta cosanta), mír 4, den Choinbhinsiún seo infheidhme freisin maidir leis an méid seo a leanas:

(a) aon duine ar diúltaíodh, de shárú ar Airteagail 5 agus 8 den Choinbhinsiún seo, cáilíocht dlíodóra nó ceadúnas chun cleachtadh dó nó ar cúlghaireadh nó ar fionraíodh na cáilíochtaí sin dó;

(b) aon duine a n-aithníonn cúirt nó binse idirnáisiúnta, nó comhlacht arna bhunú ag eagraíocht idirnáisiúnta, é a bheith inniúil chun gníomhú in imeachtaí os a chomhair agus comhairle á tabhairt aige maidir leis na himeachtaí sin nó gníomhú in imeachtaí den sórt sin.

(4) Tá na forálacha in Airteagail 6, mír 3, fomhíreanna b agus c, agus 9, mír 4, den Choinbhinsiún seo infheidhme freisin maidir le daoine atá fostaithe nó fruilithe ag dlíodóirí chun cabhrú leo a mhéid a rannchuidíonn siad go díreach le gníomhaíochtaí gairmiúla na ndlíodóirí sin a dhéanamh.

(5) Tá na forálacha in Airteagal 9, mír 4, den Choinbhinsiún seo infheidhme freisin maidir le daoine atá fostaithe nó fruilithe chun cabhrú le comhlachais ghairmiúla a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí gairmiúla na gcomhlachas sin a dhéanamh acu.

Airteagal 3 – Úsáid na dTéarmaí

Chun críocha an Choinbhinsiúin seo:

(a) ciallóidh ‘dlíodóir’ aon duine nádúrtha atá cáilithe agus údaraithe, de réir an dlí náisiúnta, chun gairm an dlíodóra a chleachtadh;

(b) ciallóidh ‘cliant’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach dá dtugann dlíodóir comhairle, cúnamh nó ionadaíocht;

(c) ciallóidh ‘cliant ionchasach’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach a fhéachann, go díreach nó go hindíreach, le comhairle, cúnamh nó ionadaíocht a fháil ón dlíodóir lena mbaineann;

(d) ciallóidh ‘comhlachas gairmiúil’ comhlacht ionadaíoch lena mbaineann roinnt dlíodóirí nó gach dlíodóir, go díreach nó go hindíreach, nó atá cláraithe agus a bhfuil freagracht éigin air as a ngairm a eagrú nó a rialáil faoin dlí náisiúnta;

(e) ciallóidh ‘gníomhaíochtaí gairmiúla dlíodóirí’ aon ghníomhaíocht chun comhairle, cúnamh nó ionadaíocht a ullmhú nó a sholáthar do chliant nó do chliant ionchasach i ndáil le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an dlí, bíodh sé náisiúnta, eachtrach nó idirnáisiúnta, sna Páirtithe ina bhfuil siad bunaithe agus cibé áit eile a bhféadfar é sin a dhéanamh, lena n-áirítear i ndáil le himeachtaí agus obair cúirte nó binse idirnáisiúnta nó comhlachta arna bhunú ag eagraíocht idirnáisiúnta;

(f) ciallóidh ‘gníomhaíochtaí gairmiúla comhlachas gairmiúil’ aon ghníomhaíocht a chumhdaítear le hAirteagal 4, mír 2, den Choinbhinsiún seo;

(g) ciallóidh ‘údaráis phoiblí’:

(a) rialtas agus riarachán ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

(b) comhlachtaí reachtacha agus údaráis bhreithiúnacha a mhéid a dhéanann siad feidhmeanna riaracháin de réir an dlí náisiúnta;

(c) daoine nádúrtha nó dlítheanacha a mhéid a fheidhmíonn siad údarás riaracháin;

(h) tuigfear ‘forordaithe le dlí’ agus ‘riachtanach i sochaí dhaonlathach’ de réir bhrí an Choinbhinsiúin chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint mar a léirmhínítear an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine iad.

Caibidil II - Forálacha substainteacha

Airteagal 4 - Comhlachais ghairmiúla

(1) Áiritheoidh na Páirtithe go ráthófar leis an gcreat dlíthiúil agus rialála náisiúnta gur comhlachtaí neamhspleácha féinrialaitheacha iad comhlachais ghairmiúla. Déanfar a gcomhlachtaí feidhmiúcháin a thoghadh i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme agus gan cur isteach seachtrach.

(2) Áiritheoidh na Páirtithe gur féidir le comhlachais ghairmiúla an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) leasanna dlíodóirí agus a ngairme a chur chun cinn agus ionadaíocht a dhéanamh dóibh;

(b) neamhspleáchas dlíodóirí agus a ról sa tsochaí a chur chun cinn agus a chosaint;

(c) caighdeáin ghairmiúla iompair a fhorbairt agus a gcomhlíonadh a chur chun cinn, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún seo;

(d) rochtain ar ghairm agus ar oideachas agus oiliúint leanúnach dlíodóirí a chur chun cinn;

(e) comhoibriú le dlíodóirí, le comhlachais ghairmiúla eile agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, idir-rialtasacha nó neamhrialtasacha maidir le cúrsaí dlí agus le cleachtas an dlí, lena n-áirítear ról na ndlíodóirí a chur chun cinn agus a chosaint; agus

(f) leas dlíodóirí a chur chun cinn agus cúnamh a thabhairt dóibh agus dá dteaghlaigh nuair is gá.

(3) Áiritheoidh na Páirtithe go rachfar i gcomhairle le comhlachais ghairmiúla ar bhealach tráthúil agus éifeachtach maidir le tograí ón rialtas le haghaidh aon athrú ar an reachtaíocht, ar rialacha nós imeachta agus riaracháin a dhéanann difear díreach do ghníomhaíochtaí gairmiúla dlíodóirí agus do rialáil na gairme.

(4) Áiritheoidh na Páirtithe nach gcuirfidh aon cheanglas maidir le bheith mar chuid de chomhlachas gairmiúil cosc ar dhlíodóirí comhlachais eile a bhunú agus páirt a ghlacadh iontu chun a leasanna agus a ngníomhaíochtaí gairmiúla a chur chun cinn.

Airteagal 5 - Teidlíocht chun cleachtadh

(1) Áiritheoidh na Páirtithe go bhforordaítear le dlí an ligean isteach, an t-údarú leanúnach agus an t-athligean isteach chun cleachtadh mar dhlíodóir agus gur fíor an méid seo a leanas ina leith:

(a) go bhfuil siad bunaithe ar chritéir oibiachtúla, ábhartha agus thrédhearcacha a chuirtear i bhfeidhm trí phróiseas cothrom; agus

(b) nach bhfuil siad faoi réir idirdhealú ar aon fhoras a thoirmisctear le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

(2) Áiritheoidh na Páirtithe gur comhlachas gairmiúil nó comhlacht neamhspleách eile a dhéanfaidh cinntí maidir le ligean isteach, údarú leanúnach agus athligean isteach chun cleachtadh mar dhlíodóir agus go mbeidh na cinntí sin faoi réir agóide os comhair cúirt nó binse neamhspleách neamhchlaonta arna bunú nó arna bhunú le dlí.

Airteagal 6 - Cearta gairmiúla dlíodóirí

(1) Áiritheoidh na páirtithe gur féidir le dlíodóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhairle dlí, cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil a thairiscint agus a sholáthar, lena n-áirítear chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chosaint;

(b) comhaontú nó diúltú glacadh le haon duine nádúrtha nó dlítheanach mar chliaint agus deireadh a chur leis an gcaidreamh idir dlíodóir agus cliant;

(c) rochtain phras agus éifeachtach a bheith acu ar a gcliaint agus ar a gcliaint ionchasacha, fiú nuair a bhaintear a saoirse díobh;

(d) a bheith aitheanta mar dhaoine atá údaraithe chun comhairle, cúnamh nó ionadaíocht a thabhairt dá gcliaint;

(e) rochtain éifeachtach a bheith acu ar aon ábhar ábhartha atá i seilbh nó faoi rialú na n-údarás poiblí inniúil, na gcúirteanna agus na mbinsí agus iad ag gníomhú thar ceann a gcliant gan moill mhíchuí agus gan srianta míchuí;

(f) rochtain éifeachtach a bheith acu ar chúirt, binse nó comhlacht comhchosúil eile a bhfuil siad cáilithe chun láithriú os a gcomhair agus cumarsáid éifeachtach a bheith acu leo;

(g) iarratais nó tairiscintí a chur isteach thar ceann a gcliant, lena n-áirítear maidir le breitheamh, ionchúisitheoir nó comhalta de chomhlacht a n-iarrtar air rialú i gcás ar leith a scaoileadh ó chás agus maidir le seoladh imeachtaí;

(h) páirt éifeachtach a ghlacadh sna himeachtaí uile ina bhfuil siad ag gníomhú thar ceann a gcliant;

(i) an pobal a chur ar an eolas faoina gcuid seirbhísí.

(2) Áiritheoidh na páirtithe nach dtabhóidh dlíodóirí dliteanas sibhialta ná coiriúil as ráitis ó bhéal agus i scríbhinn a dhéantar de mheon macánta agus go dícheallach i seoladh na n-imeachtaí uile thar ceann a gcliant.

(3) Áiritheoidh na Páirtithe go ndéanfaidh dlíodóirí an méid seo a leanas:

(a) comhairle dlí a sholáthar dá gcliaint nó dá gcliaint ionchasacha go príobháideach agus iad ag bualadh leo go pearsanta;

(b) cumarsáid rúnda a dhéanamh lena gcliaint nó lena gcliaint ionchasacha, ar cibé bealach agus i cibé foirm a fhéadfar cumarsáid den sórt sin a dhéanamh;

(c) nach gceanglaítear orthu aon fhaisnéis nó ábhar a fhaightear, cibé acu go díreach nó go hindíreach, ó chliaint nó ó chliaint ionchasacha, chomh maith le haon mhalartú leo, agus aon ábhar a ullmhaítear i dtaca leis na malartuithe sin nó i dtaca le seoladh imeachtaí dlí thar a gceann, a nochtadh, a thabhairt suas nó fianaise a thabhairt ina leith.

(4) Ní chuirfear aon srian ar fheidhmiú na gceart a bhunaítear faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo, seachas na cearta sin a fhorordaítear le dlí agus atá riachtanach i sochaí dhaonlathach. Féadfar a áireamh ar na srianta sin ceanglais chun a áirithiú go mbeidh comhairle dlí, cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil ar fáil do chách, ach gan a bheith teoranta dóibh.

(5) Áiritheoidh na páirtithe nach mbeidh dlíodóirí thíos le hiarmhairtí díobhálacha mar thoradh iad a bheith sainaitheanta lena gcliaint nó le cúis a gcliant. Cuirfear an tAirteagal seo i bhfeidhm gan dochar don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh mar a chosnaítear leis an gCoinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus leis an dlí baile.

Airteagal 7 - Saoirse chun tuairimí a nochtadh

(1) Áiritheoidh na Páirtithe ceart na ndlíodóirí an pobal a chur ar an eolas faoi ábhair a bhaineann le cásanna a gcliant, faoi réir srianta a fhorordaítear le dlí agus a eascraíonn as freagrachtaí gairmiúla amháin, faoi réir na gceanglas maidir le riar an cheartais agus meas ar an saol príobháideach, agus atá riachtanach i sochaí dhaonlathach.

(2) Áiritheoidh na Páirtithe ceart na ndlíodóirí, ina n-aonar agus i dteannta a chéile, agus ceart na gcomhlachas gairmiúil an smacht reachta agus cloí leis a chur chun cinn, páirt a ghlacadh i bplé poiblí ar shubstaint, léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na bhforálacha dlíthiúla atá ann cheana agus atá beartaithe, ar chinntí breithiúnacha, ar riaradh an cheartais agus ar rochtain air agus ar chur chun cinn agus cosaint chearta an duine, chomh maith le tograí a dhéanamh le haghaidh athchóirithe a bhaineann leis na hábhair sin.

Airteagal 8 - Araíonacht

(1) Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh na forais le haghaidh gníomhaíocht araíonachta in aghaidh dlíodóirí bunaithe go heisiach ar chaighdeáin ghairmiúla iompair a fhorordaítear le dlí agus atá comhsheasmhach iad féin leis na cearta agus na saoirsí sa Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint.

(2) Áiritheoidh na Páirtithe an méid seo a leanas maidir le himeachtaí araíonachta in aghaidh dlíodóirí:

(a) arna dtabhairt os comhair:

(a) coiste araíonachta neamhspleách neamhchlaonta arna bhunú ag comhlachas gairmiúil,

(b) údarás neamhspleách neamhchlaonta, nó

(c) cúirt nó binse neamhspleách neamhchlaonta arna bunú le dlí;

(b) próiseáilte go pras;

(c) seolta i gcomhréir leis na ceanglais maidir le triail chóir faoi Airteagal 6 den Choinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus leis an gceart comhairle, cúnamh nó ionadaíocht a fháil ó dhlíodóir dá rogha féin; agus

(d) faoi réir agóid ón dlíodóir lena mbaineann os comhair cúirt nó binse neamhspleách neamhchlaonta arna bunú le dlí.

(3) Áiritheoidh na Páirtithe go n-urramóidh aon smachtbhanna araíonachta a fhorchuirtear ar dhlíodóirí prionsabail na dlíthiúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus na comhréireachta. Níor cheart aon toirmeasc ar an gceart chun cleachtais a fhorchur ach amháin i gcás na sáruithe is tromchúisí ar chaighdeáin ghairmiúla.

Airteagal 9 - Bearta cosanta

(1) Áiritheoidh na Páirtithe, faoi réir srianta a fhorordaítear le dlí agus atá riachtanach i sochaí dhaonlathach chun coireacht a chosc, a imscrúdú nó a ionchúiseamh nó chun cearta daoine eile a chosaint, go mbeidh an méid seo fíor i gcás dlíodóirí:

(a) go mbeidh rochtain acu ar dhlíodóir dá rogha féin i gcás ina mbaintear a saoirse díobh;

(b) go mbeidh siad in ann ionadaí óna gcomhlachas gairmiúil a chur ar an eolas, gan moill mhíchuí, faoina gcailleadh saoirse, faoin mbunús dlí atá leis agus faoin áit ina sealbhaítear iad;

(c) go mbeidh dlíodóir neamhspleách nó ionadaí óna gcomhlachas gairmiúil i láthair sna cásanna seo a leanas:

(a) má dhéantar cuardach orthu féin nó ar aon áitreabh, aon feithicil nó gaireas a úsáideann siad le haghaidh a ngníomhaíochtaí gairmiúla mar chuid d'imscrúdú sibhialta, coiriúil nó riaracháin nó mar chuid de phróiseas sibhialta, coiriúil nó riaracháin; nó

(b) má dhéantar doiciméid, sonraí eile nó aon chineál trealaimh a úsáideann siad le haghaidh a ngníomhaíochtaí gairmiúla a urghabháil nó a chóipeáil;

ach amháin i gcás nach ndéanfaidh na daoine a bheidh i mbun an chuardaigh nó na hurghabhála scrúdú ar na doiciméid nó ar na sonraí;

(d) go gcuirfear ar an eolas iad faoina gcearta i bhfomhíreanna a, b, agus c den mhír seo nuair a bhainfear a saoirse díobh, agus sula ndéanfar cuardaigh orthu nó sula ndéanfar doiciméid a urghabháil nó a chóipeáil.

(2) Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh coimircí iomchuí i bhfeidhm agus go n-urramófar iad nuair a dhéanfar cigireachtaí nó bearta eile mar chuid d'fheidhmiú na formhaoirseachta gairmiúla.

(3) Áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh comhlachais ghairmiúla in ann, faoi réir srianta a fhorordaítear le dlí agus atá riachtanach i sochaí dhaonlathach chun coireacht a

chosc, a imscrúdú agus a ionchúiseamh nó chun cearta daoine eile a chosaint, na cearta a leagtar amach sa Choinbhinsiún seo a choimirciú, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rochtain éifeachtach a bheith acu, trína n-ionadaithe, ar dhlíodóirí a bhfuil a saoirse bainte díobh, má iarrann na dlíodóirí lena mbaineann amhlaidh;

(b) a bheith curtha ar an eolas gan moill mhíchuí faoi chásanna, a bhfuil na húdaráis forfheidhmithe dlí ar an eolas fúthu, maidir le hionsaí a bheith á dhéanamh ar dhlíodóirí nó iad a bheith á marú i gcás ina bhfuil cúiseanna ann lena chreidiúint gur mar gheall ar a ngníomhaíochtaí gairmiúla atá na cásanna sin agus nár cuireadh na cásanna sin ar fáil go poiblí ar shlí eile agus i gcás nach bhfuil dlíodóirí in ann iad féin a chur ar an eolas;

(c) an deis freastal ar éisteachtaí in aon imeachtaí a thionscnaítear i gcoinne dlíodóirí i gcás ina bhfuil cúis lena chreidiúint go bhfuil sé sin mar gheall ar a ngníomhaíochtaí gairmiúla.

(4) Páirtithe:

(a) áiritheoidh siad go mbeidh dlíodóirí agus a gcomhlachais ghairmiúla in ann a ngníomhaíochtaí gairmiúla a dhéanamh agus a gcearta a fheidhmiú faoi Airteagal 7 den Choinbhinsiún seo, gan iad a bheith faoi réir na nithe seo a leanas:

(a) ionsaithe fisiciúla, bagairtí, ciapadh ná imeaglú d'aon chineál; nó

(b) aon bhac nó aon chur isteach míchuí;

(b) staonfaidh siad ó bheith ag gabháil don iompar a shonraítear i bhfomhír a den mhír seo; agus

(c) déanfaidh siad imscrúdú éifeachtach ar tharlú iompair a shonraítear i bhfomhír a den mhír seo i gcás ina bhfuil cúis lena chreidiúint go bhféadfadh sé sin a bheith ina chion coiriúil.

(5) Staonfaidh na páirtithe ó aon bheart a ghlacadh nó ó aon chleachtas a fhormhuiniú, ar bearta nó cleachtais iad a bhainfeadh an bonn de neamhspleáchas agus de chineál féinrialaitheach na gcomhlachas gairmiúil.

Caibidil III – Sásra faireacháin

Airteagal 10 - Grúpa Saineolaithe um Ghairm an Dlíodóra a Chosaint

(1) Déanfaidh an Grúpa Saineolaithe um Ghairm an Dlíodóra a Chosaint (dá ngairtear GRAVO anseo feasta) faireachán ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin seo ag na Páirtithe.

(2) Beidh GRAVO comhdhéanta d'ochtar comhaltaí ar a laghad agus de 12 chomhalta ar a mhéad. Is é Coiste na bPáirtithe, a bunaíodh le hAirteagal 11 den Choinbhinsiún seo, a thoghfaidh a chomhaltaí as measc iarrthóirí arna n-ainmniú ag na Páirtithe le haghaidh téarma oifige 4 bliana, a bheidh in-athnuaite uair amháin, agus roghnófar iad as measc náisiúnaigh na bPáirtithe.

(3) Déanfar an toghchán tosaigh d'ochtar comhaltaí laistigh de thréimhse bliana tar éis don Choinbhinsiún seo teacht i bhfeidhm. Toghfar ceathrar comhaltaí breise tar éis an 25ú daingniú nó aontachas.

(4) Beidh toghadh chomhaltaí GRAVO bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:

(a) roghnófar na comhaltaí de réir nós imeachta trédhearcach as measc daoine a bhfuil ardcháil mhorálta orthu, a bhfuil taithí ghairmiúil léirithe acu sna réimsí a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún seo;

(b) ní fhéadfaidh aon bheirt chomhaltaí de GRAVO a bheith ina náisiúnaigh den Stát céanna;

(c) ba cheart do na comhaltaí ionadaíocht a dhéanamh ar chórais dlí éagsúla;

(d) áiritheofar cothromaíocht inscne agus gheografach le comhdhéanamh GRAVO;

(e) suífidh na comhaltaí ina gcáil aonair agus beidh siad neamhspleách agus neamhchlaonta i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, agus beidh siad ar fáil chun a ndualgais a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach.

(5) Cinnfidh Coiste Airí Chomhairle na hEorpa nós imeachta toghcháin chomhaltaí GRAVO, tar éis dul i gcomhairle leis na Páirtithe agus toiliú d'aon toil a fháil uathu, laistigh de thréimhse 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo.

(6) Glacfaidh GRAVO a rialacha nós imeachta féin.

(7) Comhaltaí GRAVO, agus comhaltaí eile de thoscaireachtaí a dhéanann na cuairteanna tíre mar a leagtar amach in Airteagal 12 den Choinbhinsiún seo, beidh na pribhléidí agus na díolúintí acu a bhunaítear san fhoscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún seo.

Airteagal 11 – Coiste na bPáirtithe

(1) Beidh Coiste na bPáirtithe comhdhéanta d'ionadaithe na bPáirtithe sa Choinbhinsiún seo agus féachfaidh na Páirtithe le cothromaíocht inscne a bhaint amach ina chomhdhéanamh.

(2) Is é Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa a chomórfaidh Coiste na bPáirtithe. Tionólfar a chéad chruinniú laistigh de thréimhse bliana tar éis don Choinbhinsiún seo teacht i bhfeidhm. Tiocfaidh sé le chéile ina dhiaidh sin aon uair a iarrfaidh aon trian de na páirtithe, Uachtarán Choiste na bPáirtithe nó an tArd-Rúnaí amhlaidh.

(3) Glacfaidh Coiste na bPáirtithe a rialacha nós imeachta féin.

Airteagal 12 - Nós imeachta

(1) Roinnfear na nósanna imeachta meastóireachta ina mbabhtaí. Saineoidh GRAVO an raon feidhme agus na modhanna iomchuí chun an nós imeachta sin a chur i gcrích, amhail ceistneoirí a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn don nós imeachta meastóireachta ar an gcur chun feidhme ag na Páirtithe.

(2) Gheobhaidh GRAVO faisnéis maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ón bPáirtí lena mbaineann. Ina theannta sin, féadfaidh sé faisnéis a fháil maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ón tsochaí shibhialta, ó chomhlachais ghairmiúla, agus ó institiúidí náisiúnta chun cearta an duine a chosaint. Tabharfaidh GRAVO aird chuí freisin ar fhaisnéis atá ar fáil ó ionstraimí agus ó chomhlachtaí eile de chuid Chomhairle na hEorpa, agus ó eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile, i réimsí a thagann faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin seo.

(3) Féadfaidh GRAVO cuairteanna tíre a eagrú, i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta agus, i gcás inar gá, le cúnamh ó shaineolaithe náisiúnta neamhspleácha, mura leor an fhaisnéis a fhaightear agus mura bhfuil aon bhealach indéanta eile ann chun an

fhaisnéis a fháil go hiontaofa nó i gcásanna dá bhforáiltear in Airteagal 13, mír 2, den Choinbhinsiún seo. Beidh cuairteanna tánaisteach agus teoranta do na limistéir ina gcinneann GRAVO nach leor an fhaisnéis agus do chásanna dá bhforáiltear in Airteagal 13, mír 2, den Choinbhinsiún seo.

(4) Is toscaireacht de chuid GRAVO a thabharfaidh na cuairteanna. Le linn cuairteanna, féadfaidh an toscaireacht cúnamh a fháil ó speisialtóirí i réimsí sonracha. Le linn cuairteanna, ba cheart don toscaireacht an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) saoirse gluaiseachta a bheith aici sa dlínse ábhartha;

(b) a bheith in ann teagmháil a dhéanamh le húdaráis Stáit;

(c) gan cosc a bheith uirthi bualadh go príobháideach leis na daoine ar mian léi a chur faoi agallamh;

(d) rochtain a bheith aici ar an ábhar a bhaineann leis an gcuairt tíre.

(5) Ullmhóidh GRAVO dréacht-tuarascáil ina mbeidh a anailís maidir le cur chun feidhme na bhforálacha ar a bhfuil an mheastóireacht bunaithe, chomh maith lena mholtaí agus a thograí maidir leis an gcaoi a bhféadfaidh an Páirtí lena mbaineann déileáil leis na fadhbanna a sainaithníodh. Tarchuirfear an dréacht-tuarascáil le haghaidh barúlacha chuig an bPáirtí a bhfuil an mheastóireacht á déanamh air. Cuirfidh GRAVO a bharúlacha san áireamh agus a thuarascáil á glacadh aige.

(6) Ar bhonn na faisnéise uile a fuarthas agus na mbarúlacha ón bPáirtí lena mbaineann, glacfaidh GRAVO a thuarascáil agus a chonclúidí maidir leis na bearta a rinne an Páirtí chun forálacha an Choinbhinsiúin seo a chur chun feidhme. Seolfar an tuarascáil sin agus na conclúidí chuig an bPáirtí lena mbaineann agus chuig Coiste na bPáirtithe. Cuirfear tuarascáil agus conclúidí GRAVO ar fáil don phobal ó dháta a nglactha, mar aon le haon bharúil ón bPáirtí lena mbaineann.

(7) Gan dochar do nós imeachta mhíreanna 1 go 6 den airteagal seo, féadfaidh Coiste na bPáirtithe, ar bhonn thuarascáil agus chonclúidí GRAVO, moltaí atá dírithe chuig an bPáirtí lena mbaineann a ghlacadh:

(a) maidir leis na bearta atá le déanamh chun conclúidí GRAVO a chur chun feidhme, dáta a leagan síos, más gá, chun faisnéis a chur isteach maidir lena gcur chun feidhme; agus

(b) arb é is aidhm dó comhar leis an bPáirtí sin a chur chun cinn chun an Coinbhinsiún seo a chur chun feidhme go cuí.

Airteagal 13 - Nós imeachta i gcás práinne

(1) Má fhaigheann GRAVO faisnéis iontaofa lena léirítear cás inar gá aird a thabhairt láithreach ar fhadhbanna chun scála nó líon na sáruithe tromchúiseacha ar an gCoinbhinsiún a chosc nó a theorannú, féadfaidh sé a iarraidh ar an bPáirtí lena mbaineann tuarascáil speisialta a chur isteach go práinneach maidir le bearta arna ndéanamh chun sáruithe den sórt sin a chosc.

(2) Agus an fhaisnéis a chuir an Páirtí lena mbaineann isteach á cur san áireamh, chomh maith le haon fhaisnéis iontaofa eile atá ar fáil dó, féadfaidh GRAVO duine amháin nó níos mó dá chomhaltaí a ainmniú chun fiosrúchán a dhéanamh agus chun tuairisciú go práinneach do GRAVO. I gcás ina bhfuil údar leis agus le toiliú an Pháirtí lena mbaineann, féadfar cuairt ar a chríoch a áireamh san fhiosrúchán.

(3) Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar thorthaí an fhiosrúcháin dá dtagraítear i mír 2 den airteagal seo, tarchuirfidh GRAVO na torthaí sin chuig an bPáirtí lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, chuig Coiste na bPáirtithe, chuig an gCoiste Airí agus chuig Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa, mar aon le haon bharúlacha agus moltaí. Cuirfear tuarascáil agus conclúidí GRAVO ar fáil don phobal ón tráth a nglacfar leo, mar aon le barúlacha ón bPáirtí lena mbaineann.

Airteagal 14 - Tuairimí

Féadfaidh GRAVO tuairimí a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí, maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin seo.

Airteagal 15 - Gaol le comhlachtaí eile

Coinneofar an Coiste Airí agus Tionól Parlaiminteach Chomhairle na hEorpa ar an eolas go tráthrialta faoi chur chun feidhme an Choinbhinsiúin seo.

Caibidil IV - An gaol le hionstraimí idirnáisiúnta eile

Airteagal 16 - An gaol le hionstraimí idirnáisiúnta eile

(1) Ní dhéanfaidh an Coinbhinsiún seo difear do na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as ionstraimí idirnáisiúnta eile a bhfuil Páirtithe sa Choinbhinsiún seo ina bPáirtithe iontu nó a dtiocfaidh siad chun bheith ina bPáirtithe iontu agus ina bhfuil forálacha maidir le hábhair a rialaítear leis an gCoinbhinsiún seo agus lena n-áirithítear cosaint níos fearr don cheart atá ag dlíodóirí a ngairm a chleachtadh faoi shaoirse.

(2) Féadfaidh na Páirtithe sa Choinbhinsiún seo comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha a thabhairt i gcrích lena chéile maidir leis na hábhair a ndéileáiltear leo sa Choinbhinsiún seo, chun a fhorálacha a fhorlíonadh nó a neartú nó chun cur i bhfeidhm na bprionsabal atá corpraithe ann a éascú.

Caibidil V - Clásail Chríochnaitheacha

Airteagal 17 – Síniú agus teacht i bhfeidhm

(1) Beidh an Coinbhinsiún seo ar oscailt le go síneoidh Ballstáit Chomhairle na hEorpa é mar aon leis na Stáit nach Ballstáit iad a bhí rannpháirteach ina fhorbairt agus an tAontas Eorpach.

(2) Tá an Coinbhinsiún seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasta. Déanfar ionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasa a thaisceadh le hArdrúnaí Chomhairle na hEorpa.

(3) Tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a léireoidh ocht sínitheoir, lena n-áirítear sé Bhallstát ar a laghad de Chomhairle na hEorpa, go dtoilíonn siad a bheith faoi cheangal ag an gCoinbhinsiún i gcomhréir le forálacha na míre roimhe seo.

(4) Maidir le haon sínitheoir a chuirfidh in iúl ina dhiaidh sin go dtoilíonn sé a bheith faoi cheangal aige, tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a thaiscfear a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasa.

Airteagal 18 – Aontachas don Choinbhinsiún

(1) Tar éis don Choinbhinsiún seo teacht i bhfeidhm, féadfaidh Coiste Airí Chomhairle na hEorpa, tar éis comhairliúchán leis na Páirtithe sa Choinbhinsiún seo agus tar éis

toiliú gach páirtí díobh a fháil, a iarraidh ar aon Stát nach Ballstát de Chomhairle na hEorpa é agus nach raibh páirteach i ndréachtú an Choinbhinsiúin, aontú don Choinbhinsiún trí chinneadh arna ghlacadh ag an tromlach dá bhforáiltear in Airteagal 20.d de Reacht Chomhairle na hEorpa, agus trí vóta d'aon toil ó ionadaithe na Stáit Chonarthaigh atá i dteideal suí ar an gCoiste Airí.

(2) Maidir le haon Stát a aontóidh don Choinbhinsiún, tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a thaiscfear an ionstraim aontachais le hArdrúnaí Chomhairle na hEorpa.

(3) Aon Pháirtí nach comhalta de Chomhairle na hEorpa é, ranníocfaidh sé le cistiú ghníomhaíochtaí GRAVO agus Choiste na bPáirtithe de réir na módúlachtaí arna mbunú ag an gCoiste Airí.

Airteagal 19 – Cur i bhfeidhm críochach

(1) Féadfaidh aon Stát nó an tAontas Eorpach, tráth an tsínithe nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais, an chríoch nó na críocha a shonrú a mbeidh feidhm ag an gCoinbhinsiún seo maidir leo.

(2) Féadfaidh aon Pháirtí, ar aon dáta níos déanaí, le dearbhú arna dhíriú ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo a leathnú chun go gcumhdóidh sé aon chríoch eile arna sonrú sa dearbhú agus a bhfuil sé freagrach as a caidreamh idirnáisiúnta nó a n-údaraítear é gealltanais a thabhairt thar a ceann. Maidir le críoch den sórt sin, tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a gheobhaidh an tArd-Rúnaí an dearbhú sin.

(3) Aon dearbhú a dhéanfar faoin dá mhír roimhe seo, féadfar é a tharraingt siar i ndáil le haon chríoch a shonraítear sa dearbhú seo trí fhógra arna dhíriú ar Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa. Tiocfaidh an tarraingt siar seo in éifeacht an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a gheobhaidh an tArdrúnaí an fógra sin.

Airteagal 20 - Dearbhuithe

(1) Déanfaidh gach Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún seo, tráth an tsínithe nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais, trí bhíthin dearbhú a bheidh dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, na teidil ghairmiúla a thagann faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin seo a léiriú chun críocha Airteagal 3, fomhír a. Féadfar an dearbhú sin a mhodhnú tráth ar bith ina dhiaidh sin agus ar an mbealach céanna. Ní bhainfidh an dearbhú seo ná aon mhodhnú air an bonn de chuspóir an Choinbhinsiúin seo ná den chosaint a thugtar leis.

(2) Féadfaidh gach Páirtí Conarthach sa Choinbhinsiún seo, tráth a shínithe nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais, trí bhíthin dearbhú a bheidh dírithe chuig Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, a dhearbhú go n-áirítear sa sainmhíniú ar 'údaráis phoiblí' ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí seo a leanas:

(a) comhlachtaí reachtacha maidir lena ngníomhaíochtaí eile;

(b) údaráis bhreithiúnacha a mhéid a bhaineann lena ngníomhaíochtaí eile;

(c) daoine nádúrtha nó dlítheanacha a mhéid a chomhlíonann siad feidhmeanna poiblí nó a oibríonn siad le cistí poiblí, de réir an dlí baile.

Féadfar an dearbhú sin a mhodhnú tráth ar bith ina dhiaidh sin agus ar an mbealach

céanna.

Airteagal 21 – Forchoimeádais

(1) Féadfaidh aon Stát nó an tAontas Eorpach, tráth a shínithe nó tráth taiscthe a ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais, a dhearbhú, le dearbhú a bheidh dírithe ar Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, go gcoimeádann sé an ceart gan na forálacha a leagtar síos in Airteagal 6, i ndáil le hAirteagal 2, mír 3, fomhír b den Choinbhinsiún seo a chur i bhfeidhm nó gan iad a chur i bhfeidhm ach i gcásanna sonracha. Ní fhéadfar aon fhorchoimeádas eile a dhéanamh i leith fhorálacha an Choinbhinsiúin seo.

(2) Féadfaidh aon Pháirtí, go hiomlán nó go páirteach, forchoimeádas a tharraingt siar trí bhíthin fógra arna dhíriú ar Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa. Tiocfaidh an dearbhú sin i bhfeidhm ón dáta a gheobhaidh an tArd-Rúnaí é.

Airteagal 22 – Leasuithe ar an gCoinbhinsiún

(1) Aon togra le haghaidh leasú ar an gCoinbhinsiún seo a thíolacfaidh Páirtí, cuirfear in iúl é d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa agus cuirfidh sé ar aghaidh é chuig Ballstáit Chomhairle na hEorpa, chuig na Stáit nach Ballstáit iad a ghlac páirt ina fhorbairt, chuig aon Stát sínitheach, chuig aon Stát is Páirtí, chuig an Aontas Eorpach agus chuig aon Stát a n-iarrfar air aontú don Choinbhinsiún seo i gcomhréir le forálacha Airteagal 18, mír 1.

(2) Aon leasú a mholann Páirtí, cuirfear in iúl é do Choiste na bPáirtithe, agus cuirfidh an Coiste sin a thuairim maidir leis an leasú molta sin faoi bhráid an Choiste Airí.

(3) Breithneoidh an Coiste Airí an leasú atá beartaithe agus an tuairim a thíolaic Coiste na bPáirtithe agus féadfaidh sé, tar éis dul i gcomhairle leis na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún seo nach Ballstáit iad, an leasú sin a ghlacadh.

(4) Déanfar téacs aon leasaithe a ghlacfaidh an Coiste Airí i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo a chur ar aghaidh chuig na Páirtithe lena ghlacadh.

(5) Tiocfaidh aon leasú arna ghlacadh i gcomhréir le mír 3 den airteagal seo i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis tréimhse míosa amháin a bheith caite tar éis an dáta a chuir na Páirtithe uile in iúl don Ard-Rúnaí é gur ghlac siad leis an leasú.

Airteagal 23 – Séanadh

(1) Féadfaidh aon Pháirtí, tráth ar bith, an Coinbhinsiún seo a shéanadh trí bhíthin fógra arna dhíriú ar Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa.

(2) Tiocfaidh an séanadh sin in éifeacht an chéad lá den mhí i ndiaidh tréimhse 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta a gheobhaidh an tArdrúnaí an fógra sin.

Airteagal 24 – Fógraí

Tabharfaidh Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa fógra do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa, do na Stáit nach Ballstáit iad a ghlac páirt i bhforbairt an Choinbhinsiúin seo, d'aon Stát a shínigh é, d'aon Pháirtí Stáit, don Aontas Eorpach, agus d'aon Stát a n-iarrfar air aontú don Choinbhinsiún seo i gcomhréir le forálacha Airteagal 18 de:

(a) aon síniú;

(b) taisceadh aon ionstraime daingniúcháin, glactha, formheasa nó aontachais;

(c) aon dáta a thiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 17 agus 18;

(d) aon leasú arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 22 agus an dáta a thiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm;

(e) aon dearbhú a dhéanfar de bhun Airteagal 20;

(f) aon fhorchoimeádas agus aon tarraingt siar forchoimeádais a dhéanfar de bhun Airteagal 21;

(g) aon séanadh a dhéanfar de bhun Airteagal 23;

(h) aon ghníomh, fógra nó teachtaireacht eile a bhaineann leis an gCoinbhinsiún seo.

Dá fhianú sin, chuir na daoine a bhfuil a síniú leis seo thíos, agus iad údaraithe go cuí chuige sin, a lámh leis an gComhaontú seo.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 13 Bealtaine 2025, i mBéarla agus i bhFraincis, agus an dá théacs chomh barántúil le chéile, in aon chóip amháin a thaiscfear i gcartlann Chomhairle na hEorpa. Tarchuirfidh Ardrúnaí Chomhairle na hEorpa cóipeanna deimhnithe do gach Ballstát de Chomhairle na hEorpa, do na Stáit nach Ballstáit iad a ghlac páirt i bhforbairt an Choinbhinsiúin seo, d'aon Stát a shínigh é, don Aontas Eorpach, agus d'aon Stát a n-iarrfar air aontú don Choinbhinsiún seo.

Foscríbhinn - Pribhléidí agus díolúintí (Airteagal 10)

(1) Beidh feidhm ag an bhfoscríbhinn seo maidir leis na comhaltaí de GRAVO a luaitear in Airteagal 10 den Choinbhinsiún seo, agus maidir le comhaltaí eile de thoscaireachtaí na gcuairteanna tíre. Chun críoch na foscríbhinne seo, áireofar san abairt 'comhaltaí eile de thoscaireachtaí na gcuairteanna tíre' na saineolaithe náisiúnta neamhspleácha agus na speisialtóirí a luaitear in Airteagal 12, míreanna 3 agus 4, den Choinbhinsiún seo, baill foirne Chomhairle na hEorpa agus ateangairí atá fostaithe ag Comhairle na hEorpa a ghabhann le GRAVO le linn a cuairteanna tíre.

(2) Bainfidh comhaltaí GRAVO agus comhaltaí eile de thoscaireachtaí na gcuairteanna tíre, agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu a bhaineann le hullmhú agus le cur i gcrích cuairteanna tíre, chomh maith leis an obair leantach ina leith agus le taisteal i ndáil leis na feidhmeanna sin, leas as na pribhléidí agus na díolúintí seo a leanas

(a) díolúine phearsanta ó ghabháil nó coinneáil agus óna mbagáiste pearsanta a bheith á urghabháil, agus díolúine ó imeachtaí dlíthiúla de gach sórt i leith focail arna rá nó arna scríobh acu agus na ngníomhartha go léir arna ndéanamh acu ina gcáil oifigiúil;

(b) díolúine ó aon srian ar a saoirse ghluaiseachta, ar imeacht dóibh ón tír ina bhfuil cónaí orthu agus ar fhilleadh dóibh uirthi, agus ar dhul isteach dóibh sa tír ina bhfeidhmíonn siad a gcuid feidhmeanna agus ar imeacht dóibh aisti, agus díolúine ó chlárú mar eachtrannach sa tír ina bhfuil a gcuairt nó trína bhfuil siad ag dul i bhfeidhmiú a gcuid feidhmeanna.

(3) Le linn turais a dhéanfar i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, tabharfar do chomhaltaí GRAVO agus do chomhaltaí eile de thoscaireachtaí na gcuairteanna tíre, maidir le rialú custaim agus malairte, na saoráidí céanna a thugtar d'ionadaithe rialtas eachtrach ar dhualgas oifigiúil sealadach.

(4) Beidh na doiciméid a bhaineann leis an meastóireacht ar chur chun feidhme an Choinbhinsiúin seo a bheidh ar iompar ag comhaltaí GRAVO agus ag comhaltaí eile de thoscaireachtaí na gcuairteanna tíre dosháraithe. Ní chuirfear aon stopadh ná cinsireacht i bhfeidhm ar chomhfhreagras oifigiúil GRAVO ná ar chumarsáid

oifigiúil chomhaltaí GRAVO agus chomhaltaí eile de thoscaireachtaí na gcuairteanna tíre.

(5) Chun saoirse iomlán cainte agus neamhspleáchas iomlán i gcomhlíonadh a ndualgas a áirithiú do chomhaltaí GRAVO agus do chomhaltaí eile de thoscaireachtaí na gcuairteanna tíre, leanfar den díolúine ó imeachtaí dlíthiúla i leith briathra a dúirt siad nó a scríobh siad agus na ngníomhaíochtaí go léir a rinne siad agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu a thabhairt, d'ainneoin nach bhfuil na daoine lena mbaineann ag comhlíonadh na ndualgas sin a thuilleadh.

(6) Deonaítear pribhléidí agus díolúintí do na daoine a luaitear i mír 1 den fhoscríbhinn seo chun feidhmiú neamhspleách a bhfeidhmeanna a choimirciú ar mhaithe le GRAVO agus ní chun a sochair phearsanta. Déanfaidh Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa tarscaoileadh ar dhíolúintí na ndaoine a luaitear i mír 1 den fhoscríbhinn seo in aon chás inarb é a thuairim go mbacfadh an díolúine cúrsa an cheartais agus inar féidir í a tharscaoileadh gan dochar do leasanna GRAVO.